II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/744 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Feabhra 2023

lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 a mhéid a bhaineann le forálacha idirthréimhseacha chun coinníollacht agus seiceálacha tras-chomhlíonta a éascú le haghaidh íocaíochtaí áirithe limistéarbhunaithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 105 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ([2]) ón gCoimisiún aistriú rianúil ó na socruithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a áirithiú ([3]). Leagtar síos dá bhrí sin le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2022/1172 rialacha idirthréimhseacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 104(1), an dara fomhír, pointe (a)(iv), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2116, d'fhonn costais riaracháin agus ualaí iomarcacha a sheachaint a bhaineann le coinníollacht agus seiceálacha traschomhlíonta arna gcur i bhfeidhm ar thairbhithe a fhaigheann íocaíochtaí limistéarbhunaithe faoi Phlean Straitéiseach de chuid CBT de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus faoi chlár forbartha tuaithe arna chur chun feidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle araon go dtí an 31 Nollaig 2025 ([5]).

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta agus cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin maidir le coinníollacht (IO L 183, 8.7.2022, lch. 12).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

([4]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

(2) Mar sin féin, trí neamhghníomh, maidir le tagairtí do na forálacha maidir le híocaíochtaí limistéarbhunaithe le haghaidh foraoisithe, cruthú coillearnaí, bunú córas agrafhoraoiseachta, íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile orthu, seirbhísí foraoise-comhshaoil-aeráide agus caomhnú foraoisí, tá siad in easnamh in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172. Ba cheart an earráid sin a cheartú chun costais riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint mar gheall ar choinníollacht agus seiceálacha tras-chomhlíonta forluiteacha. Ba cheart, dá bhrí sin, tagairtí d'Airteagal 21(1), pointí (a) agus (b), agus Airteagail 31 agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a áireamh in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 a cheartú dá réir.

(4) D'fhonn leanúnachas a áirithiú i soláthar seiceálacha ar chomhlíonadh na rialacha maidir le coinníollacht, dá dtagraítear in Airteagal 83 de Rialachán (AE) 2021/2116, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith aige ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172

In Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'De mhaolú ar Airteagal 104(1), an dara fomhír, pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2021/2116, déanfar seiceálacha ar chomhlíonadh na rialacha maidir le coinníollacht, dá dtagraítear in Airteagal 83 den Rialachán sin, i limistéir a fhaigheann tacaíocht ar bhonn Airteagal 21(1), pointí (a) agus (b), agus Airteagail 28, 29, 30, 31, agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 trí chláir forbartha tuaithe a chuirfear chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2025 faoin Rialachán sin, i gcás ina bhfaighidh an tairbhí lena mbaineann íocaíochtaí limistéarbhunaithe faoi Phlean Straitéiseach CBT freisin de bhun Rialachán (AE) 2021/2115.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN